Leasú 1
Danilo Della Valle
thar ceann an Ghrúpa The Left

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, ECR, Renew, Verts/ALE
Bréagaisnéis agus falsú staire na Rúise chun údar a thabhairt lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Aithris G

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
G. de bhrí nach amháin gur theip ar an Rúis ról tosaigh dosháraithe an Aontais Shóivéadaigh a aithint i gcéimeanna tosaigh an Dara Cogadh Domhanda, mar shampla trí Chonradh Neamhionsaithe 1939 idir an Ghearmáin Naitsíoch agus Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha (an tAontas Sóivéadach) agus a phrótacail rún, dá ngairtear Comhshocrú Molotov-Ribbentrop 1939 go coitianta, inar chomhcheilg an dá réimeas ollsmachtacha an Eoraip a roinnt ina réimsí eisiacha tionchair***, agus gur theip orthu a fhreagracht a ghlacadh as*** an ***iliomad ainghníomhartha*** agus ***ollchoireanna a rinneadh i gcríocha a bhí faoi fhorghabháil ag*** an ***Aontas*** Sóivéadach***, ach go bhfuil ionstraimiú déanta ag réimeas reatha na Rúise ar an stair agus*** gur ***chruthaigh*** sé ***cultas 'an bhua' timpeall an Dara Cogadh Domhanda chun saoránaigh*** a ***shlógadh go hidé-eolaíoch*** agus ***iad*** a ***ionramháil chun tacú le cogadh foghach neamhdhleathach***;	G. de bhrí nach amháin gur theip ar an Rúis ról tosaigh dosháraithe an Aontais Shóivéadaigh a aithint i gcéimeanna tosaigh an Dara Cogadh Domhanda, mar shampla trí Chonradh Neamhionsaithe 1939 idir an Ghearmáin Naitsíoch agus Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha (an tAontas Sóivéadach) agus a phrótacail rún, dá ngairtear Comhshocrú Molotov-Ribbentrop 1939 go coitianta, inar chomhcheilg an dá réimeas ollsmachtacha an Eoraip a roinnt ina réimsí eisiacha tionchair***; de bhrí in 1938, gur shínigh*** an ***Ríocht Aontaithe*** agus ***an Fhrainc Comhaontú München le Gearmáin na Naitsithe, gan*** an ***tAontas*** Sóivéadach ***a bheith curtha san áireamh sa chaibidlíocht; de bhrí*** gur ***lig*** sé ***sin do Hitler go bunúsach ionghabháil*** a ***dhéanamh ar Sudetenland*** agus ***ionradh*** a ***dhéanamh ar stát ceannasach na Seicslóvaice***;

Or. en

Leasú 2
Danilo Della Valle
thar ceann an Ghrúpa The Left

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, ECR, Renew, Verts/ALE
Bréagaisnéis agus falsú staire na Rúise chun údar a thabhairt lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Aithris I

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
I. de bhrí go ndearna réimeas reatha na Rúise Lá an Bhua, a cheiliúrtar go bliantúil an 9 Bealtaine, a iompú ina uirlis bolscaireachta cogaidh sa Rúis, trí theacht i dtír a dhéanamh ar an insint maidir le ‘saoradh na hEorpa ón Naitsíochas’ agus ar an gcaoi sin neamhaird a thabhairt ar fhorghabháil Shóivéadach na Stát Baltach ina dhiaidh sin agus ar Lár na hEorpa a chur faoi chois; de bhrí go bhfuil an insint sin ar shaoradh ón Naitsíochas á húsáid sa lá atá inniu ann i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;	I. de bhrí go ndearna réimeas reatha na Rúise Lá an Bhua, a cheiliúrtar go bliantúil an 9 Bealtaine, a iompú ina uirlis bolscaireachta cogaidh sa Rúis, trí theacht i dtír a dhéanamh ar an insint maidir le ‘saoradh na hEorpa ón Naitsíochas’ agus ar an gcaoi sin neamhaird a thabhairt ar fhorghabháil Shóivéadach na Stát Baltach ina dhiaidh sin agus ar Lár na hEorpa a chur faoi chois; de bhrí go bhfuil an insint sin ar shaoradh ón Naitsíochas á húsáid sa lá atá inniu ann i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ***de bhrí gur rannchuidigh an pobal Sóivéadach go mór le cliseadh an Naitsíochais, inar maraíodh idir 8 agus 10 milliún saighdiúir ón Arm Dearg agus os cionn 13 mhilliún sibhialtach in Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha, mar a bhí an tráth sin;***

Or. en